# Curaclam Matamaitice na Bunscoile – Ábhar tacaíochta

## Uimhreas: Codáin – Moltaí don teagasc

### MEON TÁIRGIÚIL A CHOTHÚ

- Pléigh an chaoi a n-imríonn codáin ról tábhachtach inár saol laethúil, m.sh., *ag cócaireacht, an t-am a insint, tacair a chruthú, comhroinnt, srl.*
- Spreag na páistí chun breathnú ar fheidhmiú fíorshaoil na gcodán i gcásanna laethúla, m.sh., *banana amháin a ghearradh ina cheithre phíosa chothroma*.
- Déan tascanna codáin oscailte amhail gníomhaíochtaí ‘An Ceann Corr’ a ligeann do pháistí a dtuiscint ar chodáin a chur in iúl ar bhealaí éagsúla.
- Bí tuisceanach maidir le míthuiscintí nó réamhthuairimí maidir le codáin.

### SPRAÍÚLACHT A SPREAGADH LEIS AN MATAMAITIC

- Tabhair deiseanna do na páistí chun a dtuiscint ar chodáin a fhorbairt trí bheith rannpháirteach go gníomhach le hacmhainní nithiúla, pictiúrtha agus fíorúla.
- Spreag na páistí chun a bheith páirteach i gcluichí ina dtreisítear léiriú éagsúil de chodáin.
- Éascaigh cásanna rólimeartha sa seomra ranga a spreagann codáin a phlé, m.sh., *bácáil, tomhas, tógáil, srl.*
- Spreag páistí chun cluichí a imirt a bhfuil an tseansúlacht mar chuid díobh agus machnamh á dhéanamh ar an gcaoi a n-imríonn sé seo tionchar ar thorthaí an chluiche agus ar an gcaoi ar féidir é seo a léiriú i bhfoirm chodáin.

### TASCANNA ATÁ DÚSHLÁNACH GO COGNAÍOCH A ÚSÁID

- Tabhair deiseanna do na páistí léiriú teibí na gcodán a nascadh le samplaí nithiúla agus pictiúrtha.
- Spreag na páistí chun machnamh a dhéanamh ar na straitéisí a úsáidtear chun fadhbanna codáin a réiteach.
- Tabhair deiseanna do pháistí imscrúdú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí oscailte a bhaineann le codáin agus chun tabhairt fúthu.

### BÉIM A CHUR AR AN SAMHALTÚ MATAMAITICIÚIL

- Cinntigh go mbíonn deis ag na páistí réimse léirithe de chodáin a fhiosrú, amhail fad, achar agus samhlacha tacair.
- Lig do pháistí léirithe éagsúla de chodáin a fhiosrú ag baint úsáid as acmhainní nithiúla, pictiúrtha agus fíorúla.
- Úsáid fadhbanna oscailte a ligean do pháistí a dtuiscint a fhorbairt maidir le samhail a úsáidtear chun fadhbanna codáin a réiteach.
- Tabhair deiseanna do na páistí machnamh a dhéanamh ar na samhlacha a úsáideann siad agus iad ag réiteach fadhbanna a bhaineann le codáin, agus iad sin a phlé agus a bheachtú.

### MATA-CHAINT A CHUR CHUN CINN

- Tabhair deiseanna do na páistí plé a dhéanamh ar an gcaoi a mbaineann codáin le comhthéacs an fhíorshaoil.
- Spreag páistí chun éisteacht le smaointe, straitéisí agus réitigh a bhaineann le codáin, iad a roinnt agus iad a mhíniú.
- Éascaigh an bealach a n-úsáidtear stór focal a bhaineann le codáin i ngach réimse den churaclam, m.sh., *tacair sonraí a dhéanamh, tomhas, srl.*
- Athghuthaigh straitéisí a d’úsáid na páistí chun fadhb a réiteach, m.sh., *thaispeáin. Seán dúinn conas a d’úsáid sé samhail achar na gcodán chun ¾ de 24 a fháil.*

Arna fhorbairt i gcomhar le **Luke Sweeney, Múinteoir Bunscoile, Co. Chill Dara**